Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Aibreán 2022
(OR. en)

8165/22
ADD 1
LIMITE
PV CONS 25
RELEX 480

PUBLIC

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Ginearálta)

11 Aibreán 2022

PUBLIC

# CLÁR

**Leathanach**

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

3. Cúrsaí reatha ..... 3
4. Fogha na Rúise faoin Úcráin ..... 3
5. An Tairseach Dhomhanda ..... 4
6. Aon ghnó eile ..... 4

***

## <u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>

**3. Cúrsaí reatha**

**Mailí**

Phléigh <u>an Chomhairle</u> an staid pholaitiúil agus slándála i Mailí, agus thacaigh sí leis an gcomhaontú maidir le misin oiliúna CBSC a chur ar fionraí go páirteach agus go hinchúlaithe i Mailí.

**Na Balcáin Thiar**

Mar fhreagairt ar iarraidh ó roinnt toscaireachtaí, dhearbhaigh an <u>tArdionadaí</u> gur mhír ar an gclár oibre iomlán a bheadh sna Balcáin Thiar ag an gcéad seisiún eile den Chomhairle Gnóthaí Eachtracha i mí na Bealtaine 2022.

**An Libia**

Thagair <u>an tArdionadaí</u> don staid sa Libia agus don ghá atá le rannpháirtíocht leanúnach ón Aontas.

**Éimin**

Thagair <u>aire amháin</u> don staid in Éimin; ba dhíol sásaimh dóibh an sos cogaidh a fógraíodh le déanaí, ach cuireadh in iúl go bhfuil cainteanna polaitiúla fós ag teastáil.

**4. Fogha na Rúise faoin Úcráin**
*Malartú tuairimí*

Bhí malartú tuairimí ag <u>an gComhairle</u> maidir le staid na himeartha i ndáil leis an bhfogha atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin. Díríodh ar a thábhachtaí atá freagairt aontaithe leanúnach ón Aontas, go dtabharfaí tacaíocht bhreise don Úcráin, gníomhaíochtaí for-rochtana do thriú tíortha, slándáil bia agus cuntasacht as coireanna cogaidh.

PUBLIC

**5. An Tairseach Dhomhanda**
*Malartú tuairimí*

Bhí malartú tuairimí ag <u>an gComhairle</u> maidir leis an Tairseach Dhomhanda, agus d'aontaigh sí go bhfuil sí níos tábhachtaí fós i bhfianaise an fhogha atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin. Leanfaí den obair ar an Tairseach Dhomhanda laistigh den Chomhairle.

**6. Aon ghnó eile**

Tharraing roinnt <u>airí</u> anuas an tsaincheist maidir le cúnamh airgeadais an Aontais a eisíoc le hÚdarás na Palaistíne, agus gheall an tArdionadaí go gcuirfeadh sé an méid sin in iúl d'Uachtarán an Choimisiúin.

Thagair <u>an tArdionadaí</u> don staid san Aetóip agus mhol sé go n-eagrófaí malartú tuairimí aireachta ag seisiún den Chomhairle Gnóthaí Eachtracha a bheidh ann amach anseo.

PUBLIC